




Eleathanach 363



Dé Luain, an 19 Deireadh Fómhair 2020



Tá súil againn go mbeidh dea-scéal faoi Fungi go luath.

Fungi: an deif ar strae

Tá Fungi ina chónaí san fharraige in aice leis an Daingean le 37 bliain anuas. Is deif chairdiúil é.

Tháinig scéal ón Daingean an tseachtain seo caite nach bhfaca aon duine Fungi ar feadh tamaill. Ní fhaca aon duine é ar an gCéadaoin, ach ansin chonaic iascaire é ag snámh san fharraige. Ach anois ní fhaca aon duine é ó shin.

Bhí neart iascairí amuigh sna báid thar an deireadh seachtaine ag iarraidh Fungi a aimsiú, ach ní raibh tasc ná tuairisc air. Tá súil againn go bhfuil Fungi ar laethanta saoire agus go mbeidh sé ar ais sa Daingean go luath.

Teicstíl nua as geilitín

Is as an Eastóin é an comhlacht Gelatexu Technologies. Cruthaíonn siad ábhar as geilitín atá cosúil le leathar traidisiúnta. Is féidir an t-ábhar a úsáid in éadaí, bróga, agus taobh istigh de charranna.

Tá an t-ábhar seo níos fearr don timpeallacht toisc go mbaineann siad úsáid as ábhar nádúrtha ó phróisealú feoil. Is ábhar orgánach é freisin.

Sa bhliain 2019, bhuaigh an comhlacht duais. Fuair siad an *Green Alley Award* toisc go bhfuil an t-ábhar nua agus níos fearr don timpeallacht.



Sparán ón teicstíl nua seo.

Tá an ghrá go maith don chroí!

Nuair atá peataí ag daoine tá sé an-tábhachtach aire a thabhairt dóibh agus grá a léiriú dóibh. Rinne eolaithe staidéar ar an gcaidreamh idir daoine agus a madraí le déanaí agus tá na torthaí suimiúil.

Rinne siad staidéar ar bhuille croí na madraí. Nuair a dúirt duine "tá grá agam duit" le madra tháinig athrú ar bhuille croí an mhadra. D'ardaigh na focail sin an buille ó 67 buille an nóiméad go 98 buille gach nóiméad. Deir na heolaithe go léiríonn seo go raibh sceitimíní ar an madra.

Ar an taobh eile, nuair atá an madra sona sásta tagann athrú ar bhuille an chroí arís. An uair seo, tagann laghdú air. Tharla seo nuair a thug daoine barróg don mhadra.



Thug an bhean seo barróg don mhadra.

Seans gur tháinig laghdú ar bhuille croí an mhadra.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaelachta & Gaelscoláochta

